C/2025/6557

8.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12194 — KKR / SSCP / INFOBRIC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6557)

1. An 25 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Integrity Lux Bidco S.à r.l. (Lucsamburg), faoi rialú KKR & Co. Inc. (SAM) ('KKR' in éineacht le chéile),

— SSCP Build Holdings SCA (Lucsamburg), faoi rialú Stirling Square Capital Partners Fifth Fund (Geirsí, 'SSCP Fifth Fund') ('SSCP' in éineacht le chéile), agus

— SSCP Build HoldCo AB (an tSualainn, 'Infobric'), faoi rialú SSCP Fifth Fund.

Gheobhaidh KKR agus SSCP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Infobric ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a sholáthraíonn réitigh i ndáil le bainistiú sócmhainní malartacha, margaí caipitil agus árachas.

— Is ciste infheistíochta é SSCP a fhéachann le hinfheistíochtaí a dhéanamh, a shealbhú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a réadú go príomha trí cheannach thar barr isteach, caipiteal fáis agus idirbhearta cothromais phríobháidigh eile ar fud na hEorpa. Tá SSCP Fifth Fund ar cheann de cheithre chiste atá á mbainistiú ag struchtúr infheistíochta SSCP.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an spriocghnóthais Infobric: soláthraí bogearraí foirgníochta don tionscal foirgníochta san Eoraip, atá dírithe ar chéim thógála na foirgníochta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12194 — KKR / SSCP / INFOBRIC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË